



Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

Limerick City
& County Council

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN PHLEAN GNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE

2025

ATLANTIC EDGE

LIMERICK
EUROPEAN EMBRACE







Clár na nÁbhar

Réamhrá an Chomhairleora	7
Achoimre Fheidhmeach	8
Feidhmíocht Fuinnimh a Fheabhsú	9
Ceannaireacht Inmheánach a Fhorbairt	9
Pobail a Chumasú	9
Ag Breathnú Chun Cinn	9
Réamhrá	10
An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide	12
Forléargas ar PGAÚÁ Luimnigh	12
Monatóireacht, Tuairisciú agus Meastóireacht	14
Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) Náisiúnta don Athrú Aeráide	15
Stádas Gníomhartha laistigh de PGAÚÁ (2025)	16
Feidhmíocht Fhoriomlán	17
Astaíochtaí Iomlána CO ₂	17
Sprioc CO ₂ Breosla Iontaise	18
Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh	19
Nuashonruithe Téamacha	20
Taisteal agus Soghluaisteacht	21
Oibríochtaí na Comhairle	21
Aistriú an Fhlít	22
Bonneagar Bóithre	22
Spotsolas - Líonra Luchtaithe FL Poiblí Luimnigh	22
Taisteal Gníomhach	23
Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh agus Sonraí	23
Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Luimnigh-Shionainne	23
Spotsolas - 3 Chiliméadar de Chosáin Nua agus Feabhsaithe	24
An Timpeallacht Thógtha agus Fuinneamh	25
Oibríochtaí na Comhairle	25
Fionnachtaí	25
Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí (TÉFSP)	26
Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta	26
Clár Uasghrádaithe Theirmigh Athghiniúna	27
Teacht Aniar i nDiaidh Tuilte - Pleananna Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte SMBRTD a Chur Chun Feidhme	27
Rialachas agus Ceannaireacht	28
Gníomhú ar son na hAeráide a Leabú	28
Foireann agus Gníomhú ar son na hAeráide	29
Oiliúint Foirne um Gníomhú ar son na hAeráide	29
Suirbhé Feasachta Aeráide	30

Spotsolas - Clár na Seaimpíní Aeráide	31
Gnóthachtálaithe Sóisearacha Éireann	31
Spotsolas - An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide	33
Spotsolas - Luimneach Ainmnithe mar Chathair Shláintiúil Eorpach EDS - ag tacú le daoine agus leis an bpláinéad	33
Spotsolas - Láithreán an Tinteáin	35
An Pobal agus Comhpháirtíocht	36
Clár Gníomhaíochta Pobail ar son na hAeráide	36
Spotsolas - Feirm Shóisialta Dhúin (Seirbhísí Tuaithe Bhealach Eabhra)	37
Spotsolas - Club Peile Rugbaí Mhuire	38
Spotsolas - Conair Bhithéagsúlachta Sparr Thuamhan	38
Síolta Glasa	39
Saotharlann Nuálaíochta Saoránach	39
An Timpeallacht Nádúrtha	40
Réitigh Nádúrbhunaithe	40
Plean Bithéagsúlachta	41
Spotsolas - Crainn Darach Áitiúla a Bhaint agus a Fhás	42
Monatóireacht aeir agus torainn: Léargas fíor-ama ar mhaithe le Luimneach níos sláintiúla	43
Spotsolas - Páirc an Phobail: Fuaimdhreach beo	43
An Timpeallacht agus An Geilleagar Ciorclach	44
Fill agus Fostaigh	44
Gradam Ghlasbhealach Luimnigh	44
Spotsolas - Inbhuanaitheacht Fhéile na hAbhann	45
Tosaíochtaí i gcomhair 2026	46
Aguisín 1 Gníomhartha PGAÚÁ	49

Réamhrá



Réamhrá an Chomhairleora

An Comhairleoir Joe Leddin

Mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol, fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn 2025 Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil (PGAÚÁ) 2024–2029 Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.

Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar an athrú cinniúnach ó phleanáil go seachadadh, ar an ról ríthábhachtach atá ag an gComhairle i ndlús a chur leis an ngníomhú ar son na haeráide ní hamháin ina cuid oibríochtaí féin ach freisin trí thacú agus comhoibriú le pobail ar fud an chontae chun aistriú go dtí todhchaí ísealcharbóin, aeráid-díonach.

Is fianaise iad na torthaí atá léirithe sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn láidir agus intomhaiste atá á dhéanamh ar fud oibríochtaí na Comhairle, mar aon leis na tionscnaimh áitiúla, ar ábhar dóchais iad, atá á gcur i gcrích le tacaíocht ón gclár pobail um ghníomhú ar son na haeráide.

Tá éachtaí suntasacha bainte amach le linn an chéad dá bhliain den Phlean, agus táim dóchasach go gcuirfear dlús leis an iarracht chomhpháirteach seo sna blianta amach romhainn agus go gcinnteofar go mbeidh gníomh aeráide dearfach á dhéanamh go leanúnach ar fud an Chontae.

An Comhairleoir Joe Leddin,
Cathaoirleach,
An Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir
le Gníomhaíocht Aeráide, Bithéagsúlacht
agus Comhshaol.

Achoimre Fheidhmeach

Rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dul chun cinn suntasach in 2025 chomh fada is a bhain lena Plean um Gníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil 2024-2029 (PGAÚA), agus a spriocanna náisiúnta aeráide agus dícharbónaithe a chomhlíonadh. I mbliana tugadh athrú cinniúnach faoi deara – ó phleanáil go dtí seachadadh - i ndáil le laghdú astaíochtaí, ceannaireacht eagraíochta agus gníomhú pobail ar son na haeráide.

Feidhmíocht Fuinnimh a Fheabhsú

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun tosaigh chomh fada is a bhaineann lena sceideal laghdaithe astaíochtaí agus táthar ag súil go mbeidh laghdú 71.5% á thuairisciú faoi 2030. Bhí feabhas 58.2% tagtha ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2025 i gcomparáid le leibhéil 2009, rud a chiallaigh go raibh seans maith ann go sáródh an Chomhairle an sprioc 50% a bhí sonraithe i gcomhair 2030.

Is le hastaíochtaí ó iompar agus téamh a bhaineann an dúshlán is mó chomh fada is a bhaineann le spriocanna a chomhlíonadh. In 2025, cuireadh tús le Plandola Hidreachóireáilte (POH) a úsáid in Iosta Bhóthar na Páirce, rud a bhí mar bhonn le thart ar 110 tona de charbón a choigilt in imeacht sé mhí. Lena chois sin, ghlac an Chomhairle páirt i **gClár Pathfinder Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)**. Mar thoradh ar bhunú Aonad Fuinnimh an Iarthair Láir, soláthróidh an clár seo 50% cistiú meaitseála d'iarfheistiú fhoirgnimh chorpáraideacha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Sular cuireadh tús leis an obair seo, cuireadh iniúchtaí gráid infheistíochta i gcrích dár dtí príomhfhoirgneamh chorpáraideacha, agus bunaíodh píblíne iarfheistithe thosaíochta agus chostáilte a bheadh in úsáid go dtí 2030.

Ceannaireacht Inmheánach a Fhorbairt

In 2025, bhunaigh an Chomhairle a chéad Chlár Seaimpíní Aeráide foirne a bhfuil sé mar aidhm leis ceannaireacht inmheánach a threisiú agus gníomhú ar son na haeráide a leabú laistigh de agus ar fud na heagraíochta. Éascaíonn Clár na Seaimpíní Aeráide tionscnaimh/tionscadail a bhaineann leis an aeráid, mar aon le turais allamuigh agus

foghlaím phraiticiúil cosúil le Pacáistí Fuinnimh Baile a fháil ar iasacht ón gComhairle, a chuidíonn le rannpháirtíocht a chothú i measc rannóg éagsúla na heagraíochta.

In 2025, chuir breis is 165 duine cúrsaí oiliúna aeráide i gcrích agus chuir 132 ball foirne cúrsaí oiliúna breise i gcrích, mar shampla, soláthar glas, Laethanta Feasachta maidir le Foirgneamh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NMNF) agus teicnící tiomána éiceolaíche do thiománaithe trucaí. In éineacht lena chéile, is fianaise é an méid sin ar ullmhacht na heagraíochta chun díriú ar thionscadail dícharbónaithe níos casta sna blianta deireanacha de PGAÚA.

Pobail a Chumasú

Leanadh ar aghaidh le tairbhe a bhaint as gníomhaíocht atá á stiúradh ag an bpobal mar ghné lárnach de fheagairt aeráide Luimnigh. I rith Chéim 1 den **Chlár Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide**, tacaíodh le 19 dtionscadal pobail faoin snáithe “Pobail Ísealcharbóin a Fhorbairt”, agus tacaíodh le tionscnaimh shaincheaptha áitiúla a bhí maoinithe go hiomlán, le bithéagsúlacht, córais bhia inbhuanaithe agus cleachtais an gheilleagair chiorclaigh. Is fianaise iad na tionscadail seo ar an tslí is féidir buntáistí éagsúla a bhaint as an ngníomhú ar son na haeráide trí astaíochtaí a laghdú, bithéagsúlacht a fheabhsú, folláine a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a threisiú.

Ag Breathnú Chun Cinn

Ar an iomlán, is féidir glacadh le 2025 mar bhliain chinniúnach don ghníomhú ar son na haeráide i Luimneach. Chruthaigh laghdaithe astaíochtaí intomhaiste, rannpháirtíocht eagraíochta láidir trí Chlár na Seaimpíní Aeráide agus tionscnaimh fhiúntacha atá á stiúradh ag an bpobal, bunsraith láidir chun dlús a chur le seachadadh. Ó tharla go bhfuil struchtúir sheachadta, comhpháirtíochtaí agus píblínte tionscadail bunaithe anois, tá ar chumas na Comhairle dlús a chur le seachadadh iarfheistithe, dícharbónú flít agus réitigh cheantarbhunaithe trí thionscnaimh cosúil le Clár Pathfinder agus an Clár Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide, a thacaíonn le dul chun cinn leanúnach ar mhaithe le Luimneach ísealcharbóin agus aeráid-díonach a chruthú idir seo agus 2029.


Réamhrá

Glacadh le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil 2024 - 2029 (PGAÚÁ) Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar an 12 Márta 2024. Leagtar amach in PGAÚÁ an tslí a n-éireoidh leis an gcomhairle a húsáid fuinnimh a laghdú agus a héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ina cuid oibríochtaí agus saoráidí féin. Leagtar amach freisin an tslí is féidir leis an gcomhairle, trína gníomhaíochtaí, an gníomhú ar son na haeráide a éascú agus tacú leis in earnálacha eile agus, ag an am céanna, tionchar a imirt ar agus tacú le pobail chun gníomhartha dearfacha ar son na haeráide a dhéanamh.

In PGAÚÁ leagtar amach 98 gníomh a bhaineann le roinnt réimsí, inmheánacha agus seachtracha, a bhfuil sé mar aidhm leo sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050. Is é an phríomhaidhm atá le CPGA a astaíochtaí féin a laghdú 51% faoi 2030 mar chéad chéim shuntasach an aistir seo. Tá gníomh bunathraitheach á éileamh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ach spreagfaidh na buntáistí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, pobail agus gnóthaí chun a gcuid spriocanna féin a chomhlíonadh. Déantar cur síos in PGAÚÁ ar na príomhréimsí ina bhfuil iarracht á déanamh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh díriú ar an

ngníomhú ar son na haeráide. Chun gníomhaíocht a dhéanamh sna réimsí seo, díreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar struchtúir inmheánacha (eagraíocht) agus sheachtracha (pobal).

Is í seo an dara 'Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn' a cuireadh i dtoll a chéile i rith thréimhse feidhmithe Eanáir – Nollaig 2025 PGAÚÁ. Is achoimre ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an ngníomhú ar son na haeráide atá ann agus déantar cur síos ar na gníomhaíochtaí ginearálta atá déanta ag an bhfoireann agus ag na foirne roinne, agus ag seirbhísí na Comhairle trí chéile, chun tacú leis an aeráid.



Inmheánach	Seachtrach
• Astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhainistiú agus a laghdú agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil feidhmeanna agus seirbhísí riachtanacha á seachadadh • Athléimneacht shócmhainní daonna agus bonneagair an údaráis áitiúil a chosaint agus a fheabhsú i gcoinne iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide • Cultúr córasach um ghníomhú ar son na haeráide a éascú a dhéanann ceiliúradh ar agus a chuireann ar chumas ball foirne feidhmiú mar sheaimpíní inbhuanaitheachta inmheánacha	• Tionchar a imirt ar earnálacha, ar ghnó, ar phobail agus ar dhaoine aonair i seachadadh na gníomhaíochta aeráide áitiúla • Comhordú agus oibriú i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile chun seachadadh na gníomhaíochta ar son na haeráide a éascú agus a chumasú • Tacú le gníomhaíocht ar son na haeráide trí fheasacht a ardú, cumarsáid a dhéanamh agus dul i ngleic le saincheistean agus freagairt a bhaineann leis an aeráid • A chinntiú go bhfuil an t-aistriú go dtí sochaí ísealcharbóin cóir agus cothrom

An tAonad um Gníomhú ar son na hAeráide

Chun an phríomhsprioc a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhlíonadh, bunaíodh Aonad um Gníomhú ar son na hAeráide (AGA) Chomhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh i mí an Mheithimh 2024 le tacaíocht ó mhaoiniú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC).

Forléargas ar PGAÚA Luimnigh

Tá léargas le fáil in PGAÚA Luimnigh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leis an gComhairle tionchar gníomhach a imirt ar an ngníomhú ar son na haeráide in earnálacha eile, a leithéid a éascú agus tacú leis. Tá eolas maidir le freagrachtaí na Comhairle chomh fada is a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide le fáil in 98 gníomh an phlean (seachas na gníomhartha a bhaineann leis an gcrios dícharbónaithe¹). Tá an Crios Dícharbónaithe (CD) atá beartaithe a fhorbairt i Luimneach i lár na cathrach, agus tá go leor de Bhaile Nua an Pheirigh san áireamh. Fréamhaithe sa Chlós Súgartha Nuálaíochta a forbraíodh mar chuid de Thionscadal Fís 2020 +CityXChange, sa CD

baintear tairbhe as coincheap an Bhloic Fuinnimh Dhearfaigh i ndáil le fuinneamh, iarfheistiú, soghluaisteacht agus nuálaíocht. Ag clúdach 133 heicteár agus thart ar 7,127 cónaitheoir, aithníonn an PGAÚA píblíne de thionscadail ísealcharbóin, ach beidh tuilleadh maoinithe ag teastáil chun tacú le seachadadh iomlán.

Tá gníomhartha PGAÚA eagraithe faoi shé théama. Sa tuarascáil seo rianaitear an dul chun cinn a rinneadh mar chuid de na téamaí seo agus tugtar léargas soiléir ar an gcuma atá ar chúrsaí i láthair na huaire.

Is iad seo a leanas sé théama PGAÚA na Comhairle:

1. Taisteal agus Soghluaisteacht (21 gníomh)
2. An Timpeallacht Thógtha agus Fuinneamh (18 ngníomh)
3. Rialachas agus Ceannaireacht (17 ngníomh)
4. An Pobal agus Comhpháirtíocht (14 ghníomh)
5. An Timpeallacht Nádúrtha (17 ngníomh)
6. An Timpeallacht agus An Geilleagar Ciorclach (11 ghníomh)

Déantar cur síos i bhFigiúr 1 ar gach téama.

Taisteal agus Soghluaisteacht	Dírítear ar bhealaí taistil ghníomhaigh atá sábháilte agus inrochtana a fhorbairt agus daoine a spreagadh chun a bheith ag siúl agus ag rothaíocht agus chun roghanna taistil astaíochtaí ísle eile a dhéanamh. I measc na modhanna eile a bhfuil tairbhe á baint astu tá astaíochtaí iompair a laghdú trí leictirí an fhliú agus trí úsáid a bhaint as POH mar bhreosla idirthréimhseach níos glaine.
An Timpeallacht Thógtha agus Fuinneamh	Tá ról lárnach aige seo sa ghníomhú ar son na haeráide de bhrí go laghdaíonn sé astaíochtaí go suntasach trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, córais fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú, agus tairbhe a bhaint as cleachtais tógála agus iarfheistithe inbhuanaithe.
Rialachas agus Ceannaireacht	Maoirseacht agus gnéithe nós imeachta ceisteanna aeráide a chomhtháthú i bpróisis rialachais, mar aon le samhlacha eagraíochta, cúrsaí oiliúna foirne agus bearta oibriúcháin.
An Pobal agus Comhpháirtíocht	Tá ról lárnach aige seo sa ghníomhú ar son na haeráide de bhrí go gcuireann sé ar chumas daonraí áitiúla glacadh le agus ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh athruithe comhshaoil. Tá ról lárnach ag treisiú líonraí sóisialta áitiúla, tacú le todhchaí ísealcharbóin agus inbhuanaithe chomh fada is a bhaineann leis na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag an bpobal ar mhaithe leis an ngníomhú ar son na haeráide.
An Timpeallacht Nádúrtha	Tá ról ríthábhachtach ag comhtháthú na timpeallachta nádúrtha sna gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid i gcomhthéacs an ghníomhaithe ar son na haeráide. I measc na straitéisí ar féidir tairbhe a bhaint astu tá crainn a chur, draenáil uirbeach inbhuanaithe, réitigh dhúlra-bhuanaithe agus bithéagsúlacht feabhsaithe.
An Timpeallacht agus An Geilleagar Ciorclach	Inbhuanaitheacht agus bainistíocht acmhainní chun tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide trína chinntiú go bhfuil acmhainní nádúrtha á n-úsáid go héifeachtúil agus go bhfuil dramhail á laghdú. I measc na modhanna ar féidir tairbhe a bhaint astu tá samhlacha an gheilleagair chiorclaigh, tairbhe a bhaint as fuinneamh in-athnuaite agus bainistíocht dramhaíola éifeachtach.


Figiúr 1: Téamaí Gníomhú ar son na hAeráide Luimnigh

¹ Tá Crios Dícharbónaithe Luimnigh (Cuid 5 de PGAÚA) dírithe ar an gceantar Seoirseach agus ar Cheathrú Cholbaird atá beartaithe a fhorbairt mar Chrios Dícharbónaithe (CD) lena n-áirítear an fhís atá ann don cheantar spásúil, réimsí agus gníomhartha tosaíochta straitéiseacha.

Tá gach ceann de ghníomhartha PGAÚÁ catagóirithe mar 'oiriúnú' nó 'maolú'. As 98 gníomh PGAÚÁ, tá 46 catagóirithe mar oiriúnú agus tá 52 catagóirithe mar mhaolú.

Ciallaíonn **oiriúnú don athrú aeráide** ullmhúchán a dhéanamh do agus dul in oiriúint do thionchair an athraithe aeráide atá ag tarlú cheana féin nó a bhfuiltear ag súil a bheidh ag tarlú amach anseo. Díritear ar dhaoine, áiteanna agus seirbhísí a chosaint ó rudaí cosúil le tuilte, teas agus adhaimsir.

Ciallaíonn **maolú ar an athrú aeráide** ár gcuid astaíochtaí carbóin is cúis le hathrú aeráide a laghdú.



Figiúr 2: Gníomhartha Oiriúnaithe agus Maolaithe PGAÚÁ



The background of the page features a photograph of a river, likely the River Liffey in Dublin, with a city skyline in the distance. A large, semi-transparent green overlay covers the left side of the image, and a diagonal green stripe runs from the top right towards the bottom left. The title text is positioned on the green overlay.

Monatóireacht, Tuairisciú agus Meastóireacht

Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) Náisiúnta don Athrú Aeráide

Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) riachtanach chun seachadadh an ghníomhaithe ar son na haeráide a rianú agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Soláthraíonn siad sonraí intomhaiste agus ábhartha is féidir a úsáid chun dul chun cinn a rianú agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le héifeachtacht straitéisí aeráide.

In 2020, agus chun críche tuairiscithe, bhunaigh na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide² (ORGA) meitheal PTF um Gníomhú ar son na hAeráide chun dul chun cinn a bhain le gníomhú aeráide éifeachtach ar leibhéal údarais áitiúil agus earnálach araon a rianú, a thomhas agus a thuairisciú.

Tá forbairt tagtha ar líon na PTFanna ó 2021 agus leanfaidh siad ar aghaidh ag cur leis an mbeartas aeráide agus le léargas a thabhairt ar réimsí oibre a bhfuil tagairt déanta dóibh sa Chairt, sa straitéis rialtais áitiúil maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide (**Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh 2030** agus sa **Phlean Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide**).

In Eanáir 2026, chuir gach údarás áitiúil Tuarascáil PTF um Gníomhú ar son na hAeráide i dtoll a chéile i gcomhair 2025 agus tugadh léargas náisiúnta do mheitheal PTF. Ansin, tiomsaítear na sonraí seo i dtuarascáil bhliantúil Phríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) an Gníomhaithe ar son na hAeráide a chuireann an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) i dtoll a chéile. Féach ar Fhigiúr 3 chun eolas a fháil faoin deich PTF is tábhachtaí a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide ag leibhéal rialtais áitiúil.

Téama PTF GA an Rialtais	Téama an Gníomhaithe ar son na hAeráide	Sonraí curtha ar fáil ag
1. Foireann um Gníomhú ar son na hAeráide	Príomhshruthú	Údarais Áitiúla
2. Foirne an Gníomhaithe ar son na hAeráide	Príomhshruthú	Údarais Áitiúla
3. Tionscadail Taistil Gníomhaigh	Maolú	ÚINna
4. Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta	Maolú	GBRÁ (OCST)
5. Laghdú Gás Ceaptha Teasa	Maolú	ÚFIÉ
6. Pleananna um Gníomhú ar son na hAeráide	Oiriúnú / Maolú	Údarais Áitiúla
7. Freagairtí Adhaimsire	Oiriúnú	Údarais Áitiúla
8. Gníomh an Phobail ar son na hAeráide	Athrú Iompair agus Forbairt Acmhainne Inmheánach	RCAC
9. Cúrsaí Oiliúna do Chomhairleoirí agus do Bhaill Foirne	Athrú Iompair agus Forbairt Acmhainne Inmheánach	GONSÚÁ
10. Micreaghnóthaí Glasa	Athrú Iompair agus Forbairt Acmhainne Inmheánach	Fiontraíocht Éireann

Figiúr 3: Deich PTF is Tábhachtaí

² Comhordaíonn na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide gníomhaíochtaí gníomhú ar son na haeráide an rialtais áitiúil agus tacaíonn siad lena leithéid

Stádas Gníomhartha laistigh de PGAÚÁ (2025)

Bailíodh PTFanna Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Luimnigh sa tréimhse idir an 15 Eanáir - an 31 Eanáir, 2025, agus foilseoidh GBRÁ iad taobh le torthaí uile an ÚÁ i Ráithe 2 2026.

Léirítear i dtorthaí Luimnigh i gcomhair 2025 go bhfuil 14 ghníomh curtha i gcrích, go bhfuiltear fós ag obair ar 69 ghníomh, go bhfuil tús fós le cur le 15 ghníomh agus go bhfuil 82 ghníomh ‘athfhillteach’ ann. San áireamh sna gníomhartha ‘athfhillteacha’ tá tionchair níos ginearálta ar sheachadadh gníomhartha,

cosúil le maoiniú, acmhainní, oiliúint agus doiciméid bheartais/straitéiseacha ar fud na comhairle. D’fhéadfadh na tosca sin dlús nó moill a chur le cur chun feidhme gníomhartha aeráide i rith tréimhsí ama níos faide (sa bhreis ar scóip an PGAÚÁ atá in úsáid faoi láthair). Is féidir na gníomhartha athfhillteacha a chur chun feidhme freisin níos mó ná uair amháin i rith shaolré PGAÚÁ Luimnigh.

Níl aon athrú tagtha ar chineálacha gníomhartha eile, mar shampla, oiriúnú (11), maolú (34) agus meascán (53).

Achoimre ar Ghníomhartha bunaithe ar Théama 2025					
Téama PGAÚÁ	Críochnaithe	Ar siúl	Níl tosaithe	Athfhillteach (tá)	Gníomhartha iomlána
Taisteal agus Soghluaisteacht	4	12	5	15	21
An Timpeallacht Thógtha agus Fuinneamh	3	14	1	13	18
Rialachas agus Ceannaireacht	5	8	4	14	17
An Pobal agus Comhpháirtíocht	0	12	2	14	14
An Timpeallacht Nádúrtha	0	16	1	15	17
An Timpeallacht agus An Geilleagar Ciorclach	1	8	2	11	11
Iomlán	7	71	20	82	98

Figiúr 4: Achoimre ar Ghníomhartha

Feidhmíocht Fhoriomlán


Tá dualgas ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh feabhas 50% a bhaint amach ar éifeachtúlacht fuinnimh (bunaithe ar bhonnlíne 2009) faoi 2030 agus laghdú 71.5% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) trí chéile (bunaithe ar bhonnlíne 2016-2018) agus tá ceanglas sonrach ann maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí teirmeacha agus iompair a bhaint amach faoi 2030 (faoi Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 mar atá leagtha amach ag an Rialtas).

Is é córas Monatóireachta agus Tuairiscithe ÚFIÉ an t-ardán atá in úsáid ag gach údarás áitiúil chun a n-astaíochtaí fuinnimh agus carbóin a thuairisciú. Tá Córas Bainistíochta Fuinnimh forbartha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh atá creidiúnaithe de réir chaighdeán ISO50001³.

Is fianaise é an creidiúnú seo go bhfuil an fhaisnéis á bailiú agus á tiomsú de réir dea-chleachtais agus go bhfuil na próisis seo á bhfíorú go neamhspleách. Chun críche thuarascáil 2025, baineann na sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil le feidhmíocht fuinnimh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don tréimhse 2024 agus tá roinnt réamhshonraí ar fáil i gcomhair 2025.

Astaíochtaí Iomlána CO₂

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh beagán chun tosaigh maidir leis an sprioc a bhaint amach - laghdú 71.5% ar na hastaíochtaí iomlána faoi 2030. Tugtar léargas i bhFigiúr 5, thíos, ar fheidhmíocht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i ndáil lena hastaíochtaí CO₂ a laghdú sna hearnálacha Fuinnimh, Iompair agus Teirmeacha (téamh).




Figiúr 5: Sprioc CO₂ Iomlán

³ Is cónaidhm dhomhanda de chomhlachtaí caighdeán náisiúnta í Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO). Cuireann sí ar chumas eagraíochtaí córais agus próisis a bhunú chun cabhrú le hiarrachtaí chun feidhmíocht a fheabhsú. Is é EIC 50001 an caighdeán idirnáisiúnta chun córas bainistíochta fuinnimh a bhunú, a chur chun feidhme, a chothabháil agus a fheabhsú.

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar chuid de na tionscnaimh atá á gcur i gcrích a rachaidh i ngleic leis an gceist seo thar thréimhse PGAÚÁ Luimnigh, lena n-áirítear iarfheistiú na bpríomhfhoirgneamh corparáideach trí pháirt a ghlacadh i gClár Pathfinder, tús a chur le FLanna agus as POH a úsáid chun astaíochtaí lompair a laghdú go suntasach, chun sprioc 2030 a chomhlíonadh.

Sprioc CO₂ Breosla Iontaise


Tá sprioc shonrach laghdaithe Breosla Iontaise ag Údaráis Áitiúla - laghdú 51% faoi 2030, arb ionann í agus suim na n-astaíochtaí ó bhreoslaí lompair agus breoslaí Teirmeacha (téamh). Tá breoslaí lompair freagrach as thart ar thrí cheathrú de na hastaíochtaí seo, agus tá breoslaí Teirmeacha freagrach as an gceathrú cuid de na hastaíochtaí. Tá eolas le fáil i bhFigiúr 6, thíos, maidir le leibhéal úsáide breoslaí iontaise na Comhairle, a thugann le fios go bhfuil oibríochtaí na Comhairle taobh thiar den sprioc, le laghdú 11% taifeadta i gcomhair 2024. Is léir ó réamhshonraí i gcomhair 2025 go bhfuil an figiúr - laghdú 11.6% i gcomparáid leis an mbonnlíne - fós mórán mar an gcéanna.



Figiúr 6: Sprioc CO₂ Breosla Iontaise

Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh

Tá gach cuma ar an scéal go n-éireoidh le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a sprioc laghdaithe éifeachtúlachta fuinnimh iomlán a bhaint amach - 50% faoi 2030. In 2025, bhí an figiúr seo cothrom le 58.2%, rud a chiallaigh go raibh dualgas ar an gcomhairle feabhas 8.2% a bhaint amach as sin go ceann roinnt blianta mar a thaispeántar i bhfeidhmíocht fuinnimh LCCC (figiúr 7). Is iad na bealaí atá aitheanta chun na spriocanna sin a chomhlíonadh ná an stoc foirgneamh corparáideach a iarfheistiú agus tionscadal TÉFSP a chur i gcrích.



Figíúr 7: Feidhmíocht Fuinnimh LCCC


Nuashonruithe Téamacha

Taisteal agus Soghluaisteacht

Oibríochtaí na Comhairle

Tá taisteal agus iompar freagrach as 11% de na hastaíochtaí carbóin i Luimneach⁴. Laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tá an figiúr seo cothrom le 25%. Tá sé riachtanach, dá réir sin, más mian linn na spriocanna atá sonraithe ag an rialtas a chomhlíonadh, go mbeimis ag déileáil leis an gceist seo ar bhonn práinne. Soláthraíonn an creat Feabhsaigh Athraigh Seachain an comhthéacs straitéiseach chun gníomhartha a chur chun feidhme. Seo a leanas príomhghnéithe ár straitéise:

- Measúnú ar an bhflít atá in úsáid cheana féin
- Na feithiclí sin a bhféadfaí feithiclí leictreacha a úsáid ina n-áit a aithint
- Maidir leis na feithiclí nach féidir FLanna a úsáid ina n-ionad, scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le breoslaí malartacha a úsáid
- Measúnú a dhéanamh ar iostaí ag féachaint don bhonneagar luchtaithe feithiclí
- Eolas a bhailiú faoin bhféidearthacht a bhaineann le seirbhís roinnte FL a bhunú ag suíomhanna tábhachtacha



Figiúr 8: Seachain Athraigh Feabhsaigh



Aistriú an Fhlít

Gníomhartha #T13 T14 T15 T16

Is éard atá i bhformhór d'fhlít Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ná feithiclí innill dócháin inmheánaigh (IDI), agus bhí na feithiclí sin freagrach as 25% d'astaíochtaí iomlána na Comhairle in 2021. Tá méadú tagtha ar astaíochtaí ón bhflít ó 2018 i leith. In PGAÚÁ Luimnigh leagtar amach na céimeanna atá riachtanach chun déileáil leis seo trí straitéis flít a fhorbairt ina mbaintear tairbhe freisin as an gcur chuige atá bunaithe ar Sheachain Athraigh Feabhsaigh.

In 2025, cuireadh tús le measúnú ar an bhflít a bhí dírithe ar an athrú go dtí FLanna agus ar bhonneagar luchtaithe a shuiteáil. Tá bulcthancaer POH suiteáilte in Iosta Bhóthar na Páirce agus tá 110 tona de CO₂ coigilte i rith na sé mhí ina raibh sé in úsáid in 2025. Beidh an tionscnamh á rolladh amach in iosta an Chaisleáin Nua in 2026 agus beidh sé mar bhonn le coigiltí suntasacha CO₂. Lena chois sin, tá cúrsaí oiliúna maidir le hiompar tiomána eagraithe do bhaill foirne, iompar cosúil le réchasadh a laghdaíonn astaíochtaí tuilleadh.

Bonneagar Bóithre

Gníomhartha #T4 T6

I rith 2025, rinne Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dul chun cinn suntasach agus soiléir faoi Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh-Shionainne. I measc na bpríomhéachtaí bhí seachadadh leanúnach an bhonneagair taistil ghníomhaigh agus coisithe, bearta sábháilteachta lár na cathrach a leabú, cosúil le teorainneacha luais 30km/u, agus rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil leis an mbonneagar iompair straitéisigh. Rinneadh dul chun cinn ar mhórscéimeanna bóithre inbhuanaithe, lena n-áirítear Scéim Bhóthar Dáileacháin Ó Cuanach go dtí Cnoc an Lisín, Scéim Athailínithe Bhóthar Mhuileann na Fola agus Scéim Feabhsaithe Acomhail na Ceapaí Móire, a thacaíonn le sábháilteacht feabhsaithe, nascacht feabhsaithe agus áiseanna ar

ardchaighdeán do choisithe, rothaithe agus úsáideoirí bóithre leochaileacha, agus a thacaíonn, ag an am céanna, le cuspóirí a bhaineann le haistriú córa iompair.

Leanadh ar aghaidh le céimeanna pleanála agus luathsheachadta chlár BusConnects, díriodh ar phleanáil agus ar fháil talún a bhain le láithreáin straitéiseacha Pháirceála agus Taistil, agus cuireadh formhór na hoibre a bhain le leictriú fhlít busanna chathair Luimnigh i gcrích. Leanadh ar aghaidh ag obair ar Straitéis Luchtaithe na bhFeithiclí Leictreacha agus tá sé beartaithe láithreáin luchtaithe phiolótacha a oscailt ag tús 2026.

Spotsolas - Líonra Luchtaithe FL Poiblí Luimnigh

Gníomhartha # T7 T16 T19 B4

Chuir foireann Taistil agus Iompair LCCC le maoiniú ó FANÉ (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann) dlús le 12 láithreán phiolótacha nua agus chuir P&D Lydon Teo. oibreacha sibhialta agus leictreacha i gcrích i rith 2025.

D'aimsigh an Chomhairle OPL (Oibreoir Pointe Luchtaithe), agus bronnadh lamháltas 10 mbliana ar Weev Teo. in 2025. Cuireadh tús le luchtairí 100 kW a shuiteáil i Ráithe 1 2026 sna suíomhanna piolótacha.

Nuair a bheidh sé beo, beidh acmhainn luchtaithe de bhreis is 1,200 kW á cur ar fáil ag an líonra seo-rud a chiallaíonn go mbeidh Luimneach ar thús cadhnaíochta chomh fada is a bhaineann le bonneagar FL poiblí agus tacú le spriocanna aeráide náisiúnta agus AE.

Mar chuid den rolladh amach ar an líonra luchtaithe poiblí agus den bhunú fodhlíthe, réachtáladh próiseas soláthair oscailte chun soláthraí seirbhíse a cheapadh do scéim Carr-Roinnte rialta sa chathair. Leanadh ar aghaidh le comhaontú imlíne le soláthraí seirbhíse margaidh aitheanta in 2025 agus bhí sé mar aidhm tús a chur arís le seirbhís thrialach spriocdhírithe i Ráithe 2 2026.



Taisteal Gníomhach

Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh agus Sonraí

Gníomhartha #T4 T6 C1

In 2025 bhí soláthar taistil ghníomhaigh dírithe ar dhlús a chur le haistriú córa iompair ón gcarr príobháideach a úsáid go dtí gréasáin siúil, taisteal ar rothaí agus rothaíochta shábháilte agus inrochtana a fhorbairt ar fud Luimnigh. Le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), infheistíodh breis is €25 milliún i dtionscadail taistil ghníomhaigh agus inbhuanaithe i rith na bliana, treoraithe ag Staidéar ar Ghréasán Rothaíochta Chathair Luimnigh. Tacaíonn an infheistíocht seo, go díreach, le cuspóirí maolaithe aeráide trína chinntiú gur féidir turais níos giorra a dhéanamh trí úsáid a bhaint as modhanna gníomhacha agus trí rochtain ar iompar poiblí a fheabhsú.


Chun seachadadh fianaisebhunaithe a threisiú agus chun súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le haistriú córa iompair, bhí an fhoireann Taistil Ghníomhaigh freagrach as clár bailithe agus anailíse sonraí soghluaisteachta in 2025. I measc na dtionscnamh sonraí ar díriodh orthu bhí:

- Teicneolaíocht mhicreardair a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar líon na gcoisithe
- Iniúchtaí inrothaitheachta a dhéanamh trí úsáid a bhaint as suirbhéanna físeáin bunaithe ar bhealaí chun bearnaí sa ghréasán a aithint agus chun feabhsuithe tosaíochta a dhéanamh
- Suirbhéanna tródaím leanúnacha a dhéanamh chun súil a choinneáil ar ghluaiseachtaí feithiclí ag suíomhanna tábhachtacha

Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Luimnigh-Shionainne

Gníomhartha #T4 T6 C1 B9

Is ionann **Innéacs Siúil agus Rothaíochta 2025** agus bonn fianaise tábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn a bhaineann le haistriú córa iompair agus maolú aeráide i gCeantar Cathrach Luimnigh-Shionainne. Curtha i dtoll a chéile ag an Údarás Náisiúnta Iompair, tá sé bunaithe ar shonraí áitiúla, samhaltú agus suirbhé neamhspleách ar 1,106 cónaitheoir a rinneadh in 2025. Tá achoimre ar na torthaí le fáil thíos. Is fianaise iad na torthaí ar éileamh folaigh láidir a bheith ar thaisteal gníomhach. Thug 41% de na cónaitheoirí le fios gur mhaith leo níos mó ama a chaitheamh ag siúl agus thug 27% le fios gur mhaith leo níos mó ama a chaitheamh ag rothaíocht. Chomh maith leis sin, bhí go leor daoine ag tacú le bonneagar rothaíochta a bhí scartha go fisiciúil agus le cosáin feabhsaithe. Is léir ón samhaltú atá déanta go bhfuil buntáistí suntasacha aeráide, sláinte agus eacnamaíocha ag baint le siúl, taisteal ar rothaí agus rothaíocht. Tá na torthaí seo mar bhonn le hordú tosaíochta agus le dearadh beart taistil ghníomhaigh faoi PGAÚÁ chun tacú le haistriú córa iompair agus le laghdú astaíochtaí leanúnach.



Figiúr 9: Innéacs Siúil agus Rothaíochta – Torthaí achomair

Spotsolas - 3 Chiliméadar de Chosáin Nua agus Feabhsaithe

Gníomh #T4

In 2025, rinne an Clár Taistil Ghníomhaigh dul chun cinn suntasach chomh fada is a bhain le bonneagar siúil agus rothaíochta sábháilte a fhorbairt chun tacú leis an aistriú córa iompair agus rogha a thabhairt do dhaoine ionas nach mbeadh sé riachtanach an carr príobháideach a úsáid. Infheistíodh breis is €25 milliún i scéimeanna cathrach agus contae, lena n-áirítear tionscadail ag na háiteanna seo a leanas, Bóthar an Mhuilinn, R510 Raithean-Crois Uí Chuinn, Bóthar Pháirc Plassey agus Bóthar Mhuileann na Fola. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích freisin bhí oibreacha uasghrádaithe ar chosáin i mbailte agus sráidbhailte cosúil le An Fheothanach, An Cheapach Mhór, Cill Tíle, Dún, Maigh Rua agus Áth an tSléibhe. Bhí uasghrádaithe soilsithe phoiblí, cur crann agus tírdhreachú san áireamh i scéimeanna freisin mar aon le hoibreacha chun sábháilteacht, compord agus caighdeán na ríochta poiblí a fheabhsú. In éineacht lena chéile, cuireann na bearta seo feabhas ar insiúlacht laethúil agus ar thorthaí sláinte ar fud an chontae.



An Timpeallacht Thógtha agus Fuinneamh

Tá an timpeallacht thógtha freagrach as 17% d'astaíochtaí i Luimneach agus laistigh den chomhairle tá ár stoc foirgneamh corparáideach freagrach as 28% den úsáid fuinnimh iomlán agus tá soilsiú poiblí freagrach as 47% den úsáid fuinnimh. Dá réir sin, is príomhghné dár n-aistriú aeráide é a chinntiú go mbeidh ár bhfoirgnimh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de.

Oibríochtaí na Comhairle

Tá tús áite fós á thabhairt do dhul i ngleic le héileamh fuinnimh fhoirgnimh na Comhairle agus tá tús áite á thabhairt do shoilsiú poiblí chun laghdú astaíochtaí PGAÚÁ a chinntiú agus chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh. Ag tacú le seachadadh sa cheantar seo tá meascán d'iarfheistiú foirgnimh chorparáidigh, uasghráduithe soilsithe phoiblí agus socruithe bainistíochta fuinnimh níos láidre. Tá eolas maidir le dul chun cinn agus feidhmíocht sna réimsí seo le fáil thíos.

Déanann an Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh laistigh den Chomhairle, agus go háirithe an tOifigeach Fuinnimh, monatóireacht ar fheidhmíocht fuinnimh na Comhairle agus tacaítear le bainisteoirí foirgnimh laistigh den eagraíocht chun úsáid fuinnimh a bhainistiú agus a laghdú. In 2025, athdheimhníodh Córas Bainistíochta Fuinnimh (CBF) Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag caighdeán ISO50001.

Laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tá foirgnimh freagrach as 20% d'úsáid fuinnimh na Comhairle agus tá soilsiú poiblí freagrach as 43.5% d'úsáid fuinnimh. In PGAÚÁ sainaithnítear roinnt tosaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le hastaíochtaí, ar an gcéad dul síos:

- Foirgnimh agus saoráidí na Comhairle a iarfheistiú, lena n-áirítear fuinneamh

in-athnuaite agus córais teasa in-athnuaite chun na foirgnimh agus áiseanna a dhícharbónú agus chun úsáid fuinnimh a laghdú

- Trí shoilsiú poiblí a iarfheistiú agus DAS a úsáid laghdófar an t-éileamh leictreachais go suntasach

Fionnachtáí

Gníomhartha #B18 B12, B13

Á bhainistiú ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), is é an cuspóir atá leis an gclár Pathfinder ná tacú le comhlachtaí poiblí chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a chomhlíonadh. Soláthraíonn an clár cistiú meaitseála suas go dtí 50% do thionscadail a chuireann dlús le próiseas dícharbónaithe an stoic foirgnimh phoiblí. In 2025, ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chiarraí agus an Chláir páirt fhoirmiúil i gClár Pathfinder tráth ar bunaíodh Aonad Fuinnimh an Iarthair Láir. I rith 2025, chuir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh iniúchtaí mionsonraithe ar ghrád infheistíochta i gcrích ina leagtar amach an raon idirghabhálacha atá le breithniú. Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann a chuir na hiniúchtaí seo i gcrích mar chuid de thionscadal ABFATA a bhí á mhaoiniú ag an AE. I rith na chéad chéime eile, cuireadh tús leis an obair dhearaidh mhionsonraithe don trí phríomhfoirgneamh corparáideacha.

Os a choinne sin, mar chuid den chlár Pathfinder, chuir ÚFIÉ 100% den mhaoiniú ar fáil do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun Staidéar Féidearthachta Téimh Cheantair a dhéanamh sa cheantar cathrach. Is príomhchuspóir de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais é téamh ceantair a fhorbairt agus is deis sainaitheanta atá ann i Straitéise an Chreasa Dícharbónaithe. Cuirfear an Staidéar Féidearthachta Téimh Cheantair seo i gcrích in 2026.

Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí (TÉFSP)

Gníomh #B15

Is ionann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ceann amháin de 21 údarás áitiúil atá páirteach sa Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Phoiblí (TÉFSP) a bhfuil sé mar aidhm leis na soilse poiblí ar fad a uasghrádú go dtí DAS. Mar thoradh ar an tionscadal seo uasghrádófar thart ar 205,000 solas poiblí de chuid 21 údarás áitiúil trí infheistiú ar fiú €150 milliún í.

Le blianta beaga anuas, tá clár gníomhach athsholáthair soilse bunaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a thacóidh le tionscadal TÉFSP. Go dtí seo, tá breis is 2,500 solas poiblí nua curtha ar fáil. Meastar go mbeidh na soilse nua seo mar bhonn le coigilt fuinnimh de thart ar 750,000 kWh de leictreachas sa bhliain.


Go dtí seo:

- Sular cuireadh tús leis an tionscadal, bhí clár gníomhach athsholáthair soilse bunaithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Tá breis is 2,500 solas poiblí nua curtha ar fáil ag an gComhairle trí TÉFSP go dtí seo agus tá 2,600 solas nua eile le cur ar fáil in 2026

Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta

Gníomh #B17

Tá iarfhéistiú an stoic tithíochta sóisialta aitheanta mar phríomhghníomh laistigh de PGAÚÁ, ní hamháin mar bhealach chun astaíochtaí carbóin a laghdú ach mar bhealach tábhachtach chun déileáil le bochtaineacht fuinnimh agus a chinntiú “nach ligtear aon duine i ndearmad”. Áirítear leis an iarfhéistiú tá insliú tithe a chur ar fáil in áiléir, fuinneoga agus doirse nua, teaschaidéil nuair is cuí. Tá eolas maidir leis na príomhnithe a bhí le soláthar in 2025 le fáil thíos.

Tithíocht 2025 Gníomhartha #B7 B12 B13 B17		
63 teach iarfhéistithe		20% den suirbhé ar bhail an stoic críochnaithe
Dearaí agus suirbhéanna don Chlár Iarfheistithe Fuinnimh curtha i gcrích ag LCCC		Críochnaithe Cúrsaí oiliúna maidir le iarfhéistiú foirgneamh traidisiúnta
Rátáil A2 d'fhoirgnimh nua		Oibreacha uasghrádaithe ag B2 RFF
LOCO Energy Cloud Combat energy poverty		Críochnaithe Staidéar féidearthachta ar an líonra téimh cheantair
Moltaí éifeachtúlachta fuinnimh 2025-2029 2 don Chlár Cóiríochta do Phobal an Lucht Siúil		Grianphainéil Conraitheoir do Chóiríocht do Phobal an Lucht Siúil, Ráth Caola, aimsithe

Clár Uasghrádaithe Theirmigh Athghiniúna

Gníomh #B17

Ó 2013 i leith tá Clár Athghiniúna Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag díriú ar chlár suntasach d'oibreacha uasghrádaithe theirmigh sa bhreis ar an gclár iarfheistithe tithíochta sóisialta. San áireamh in oibreacha uasghrádaithe theirmigh tá díonta, ballaí agus urláir a insliú, fuinneoga agus doirse a uasghrádú, córais agus rialuithe téimh a fheabhsú agus bearta aerála gaolmhara.

Cuireadh obair i gcrích ar 47 aonad in 2025. Faoi dheireadh an chláir, beidh thart ar 1517 réadmhaoin uasghrádaithe go teirmeach.

Teacht Aniar i nDiaidh Tuilte - Pleananna Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte SMBRTD a Chur Chun Feidhme

Gníomh #B3

In PGAÚÁ sainaithníodh ceann d'éifeachtaí is measa an athraithe aeráide is féidir a bheith ag súil leis, agus príomhcheist oiriúnaithe don athrú aeráide, is é sin bainistiú rith chun srutha uisce na báistí de réir mar a bheidh teocht an domhain agus patrúin bháistí ag athrú.

Tá tionchar suntasach ag na teagmhais adhaimsire seo agus ag ardú leibhéal na farraige ar thuilte agus ar riosca i gcás tuilte do phobail agus do bhonneagar ar fud Luimnigh. Trí thús a chur le Scéim Tuilte Oileán an Rí i Meán Fómhair 2024 cinnteofar go mbeidh teagmhais tuilte shuntasacha (2014) á maolú. Tá sé beartaithe na hoibreacha seo a chur i gcrích in 2026.

I rith 2025 (agus roimhe sin):

- Scéim Cosanta Tuilte Áth Dara: Athbhreithniú Deiridh á dhéanamh ar an Tuarascáil Measúnachta Tionchair
- Scéim Cosanta Tuilte Átha an tSléibhe: Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) críochnaithe agus mapáil na Talún Faighte críochnaithe
- Scéim Faoisimh Tuilte Chathair agus Phurláin Luimnigh: Obair déanta ar shuirbhéanna éiceolaíocha, cruinnithe maidir le roghanna eagraithe le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú á dhéanamh ar thograí a bhaineann leis an ríocht phoiblí agus le roghanna cistithe



Rialachas agus Ceannaireacht

Príomhchuspóir de chuid PGAÚÁ ná an gníomhú ar son na haeráide a leabú in oibríochtaí uile na Comhairle. Tá ról lárnach ag an Aonad um Gníomhú ar son na hAeráide (AGA) i dtacú le PGAÚÁ, é a chomhordú, comhairle a thabhairt ina leith agus tuairisciú maidir le cur chun feidhme laistigh de agus ar fud na Comhairle. Seo a leanas príomhróil AGA Luimnigh:


- Comhordaitheoir um Gníomhú ar son na hAeráide
- Oifigeach um Gníomhú ar son na hAeráide
- Oifigeach Pobail an Chiste um Gníomhú ar son na hAeráide
- Oifigeach Fuinnimh
- Céimí GBRÁ

Gníomhú ar son na hAeráide a Leabú

Gníomhartha # G7 G10 G12

Tá PGAÚÁ á chur chun feidhme ag gach roinn laistigh den Chomhairle. Tá ról lárnach ag AGA i gcur chun feidhme ghníomh PGAÚÁ ar fud na heagraíochta.

Tá struchtúr tuairiscithe PGAÚÁ na Comhairle bunaithe ar an bhFóram Sinsearach, atá faoi chathaoirleacht Stiúrthóir Seirbhíse agus páirteach ann tá Foireann Shinsearach na Comhairle. Ag tacú le cur chun feidhme PGAÚÁ freisin tá an clár Seaimpíní Aeráide (mionsonraí thíos), Líonra Idirchaidrimh Foirne, Coiste Folláine agus an Nuachtlitir um Gníomhú ar son na hAeráide.



I rith 2025 cuireadh roinnt príomh-mholtaí/gníomhartha faoi bhráid an Fhóiraim Shinsearaigh agus an Bhoird Bhainistíochta:

- Athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le PGAÚÁ a chur chun feidhme
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht fuinnimh na comhairle agus an Beartas Fuinnimh a nuashonrú.
- Páirt a ghlacadh i gclár Pathfinder
- An Staidéar Féidearthachta Téimh Cheantair a dhéanamh
- Clár na Seaimpíní Aeráide

Lena chois sin, ghlac AGA páirt in agus d'eagraigh sé an méid seo a leanas:

- Cur i láthair don líonra idirchaidrimh foirne agus cur i láthair don choiste folláine
- Oiliúint ionductaithe don fhoireann
- Eisíodh nuachtlitreacha foirne i rith 2025

Foireann agus Gníomhú ar son na hAeráide

Oiliúint Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

Gníomhartha #G1 G2

Is gnéithe riachtanacha iad oideachas agus oiliúint chun an Gníomhú ar son na hAeráide a leabú in oibriú na Comhairle. D'fhorbair ORGA agus Grúpa Náisiúnta Oiliúna Seirbhísí Údaráis Áitiúil Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil. Is é an aidhm atá leis an gclár ceannaireacht um ghníomhú ar son na haeráide an Údaráis Áitiúil a threisiú agus a chumhachtú agus cur le feasacht agus le hacmhainn laistigh den earnáil. In 2025, chuir 165 ball foirne ón gComhairle na cúrsaí oiliúna seo i gcrích agus clúdaíodh raon leathan téamaí aeráide a bhí dírithe ar bhaill foirne a bhíonn ag obair faoi dhíon agus amuigh faoin aer. Lena chois sin, chuir 132 ball foirne cúrsaí oiliúna breise i gcrích, mar shampla, soláthar glas, Laethanta Feasachta maidir le Foirgneamh nach mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh (NMNF) nó teicnící tiomána éiceolaíche do thiománaithe trucaílí.

Rinne 389 Ball Foirne Cúrsaí Oiliúna a bhain leis an Aeráid in 2025

Gníomhartha #G1 G2 G4

48 X Forbairt Acmhainne		87 X Teicnící Tiomána Éiceolaíche Laghdaigh úsáid breosla agus laghdaigh astaíochtaí CO ₂ Tiománaithe trucaílí
16 X Soláthar Glas		29 X Lá Feasachta NMNF
67 X Múscailt Feasachta (Baill Foirne Faoi Dhíon)		137 X Gníomh a Sheachadadh (Baill Foirne Amuigh faoin Aer)
3 X PGA ÚÁ ORGA Plean Oiriúnaithe Earnála um Ghníomhú ar son na hAeráide (POEGA)		2 X Chiste na Struchtúr Stairiúil Scéim Comhairle Caomhantais


Suirbhé Feasachta Aeráide

Gníomhartha #G2 G10

Príomh-aschur de AGA in 2025 ba ea gur scaipeadh suirbhé feasachta foirne. Ba é cuspóir an tsuirbhé seo teacht ar thuiscint ar fheasacht agus ar dhearcthaí bhaill foirne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir leis an athrú aeráide agus gníomhartha a aithint a d'fhéadfadh AGA a chur i gcrích chun déileáil leis na hábhair imní ar tarraingíodh aird orthu. Fuarthas 189 freagra ar fad ó bhaill foirne a bhí ag obair i réimsí seirbhíse éagsúla. Bhí torthaí an tsuirbhé mar bhonn le tosaíochtaí forbartha acmhainne inmheánacha agus thacaigh siad go díreach le forbairt idirghabhálacha spriocdhírithe, lena n-áirítear an Clár Seaimpíní Aeráide agus breis cúrsaí oiliúna do bhaill foirne.

Tá achoimre ar phríomhthorthaí le fáil thíos agus is ionann iad agus bonn fianaise do rannpháirtíocht eagraíochta leanúnach agus do thionscnaimh athraithe iompair faoi PGAÚÁ. Tugadh léargas ar an obair seo in alt a d'fhoilsigh Aonad Faisnéise an Rialtais Áitiúil (AFRÁ)⁵.

- Tá 55% ar an eolas faoi thionscnaimh nó beartais um ghníomhú ar son na haeráide Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
- Ghlac 31% páirt i gcúrsaí oiliúna a bhain leis an aeráid
- Tá 50% den tuairim gur cheart do LCCC tús áite a thabhairt don ghníomhú ar son na haeráide
- Tá fonn ar 85% níos mó a fhoghlaim faoi cheisteanna a bhaineann leis an aeráid (féach figiúr 10)



Figiúr 10: Na Rudaí atá Baill Foirne ag Iarraidh a Fhoghlaim

⁵ 'An méid a d'fhoghlaimíomar ó bheith ag caint le baill foirne faoin ngníomhú ar son na haeráide'

Spotsolas - Clár na Seaimpíní Aeráide

Gníomh #G10

Aschur amháin ón suirbhé ba ea gur forbraíodh Clár na Seaimpíní Aeráide. Is é an aidhm atá le Clár na Seaimpíní Aeráide déileáil leis na ceisteanna ar tarraingíodh aird orthu sa suirbhé agus tacú le baill foirne as ar fud na heagraíochta chun feidhmiú mar sheaimpíní athraithe laistigh de agus lasmuigh den Chomhairle. Glacann na Seaimpíní páirt i raon leathan gníomhaíochtaí, cosúil le boscaí bruscair múirín i gcistinéid agus in oifigí a bhainistiú, ráille malartaithe éadaí a shuiteáil, eispéiris/smaointe a bhaineann leis an aeráid a roinnt, dul ar chuartheanna láithreáin.

Mar chuid den chlár Seaimpíní cuireadh pacáistí Fuinnimh Bhaile ar fáil do gach ball foirne ar bhonn píolótach freisin. Déanann gach iasachtaí suirbhé i rith na tréimhse iasachta agus suirbhé arís dhá mhí ina dhiaidh sin, chun aiseolas a chur ar fáil. Is féidir eispéiris a roinnt i rith chruinnithe na Seaimpíní Aeráide, nó tríd an Nuachtlitir um Ghníomhú ar son na hAeráide (an fhoireann ar fad).



**SEAIMPÍNÍ
AERÁIDE**

LÚNASA 25

TORTHAÍ AN tSUIRBHÉ

- Cuir le d'fheasacht féin ar an aeráid agus leis an méid atá ar eolas agat faoin aeráid
- Bí ag foghlaim ó dhaoine eile/iostaí difriúla.
- Faigh tacaíocht maidir le conas spéis ball foirne a mhúscailt go fadtéarmach
- Cuir spéis in éifeachtúlacht fuinnimh agus sa gheilleagar ciorclach
- Téigh ar thurais allamuigh agus faigh an t-eolas is déanaí
- Céard atá á dhéanamh ag an gcomhairle chun tacú le SA agus FA

Gnóthachtálaithe Sóisearacha Éireann

Gníomhartha #C1 C5

Is eagraíocht neamhbhrabúis í Gnóthachtálaithe Sóisearacha Éireann (GSÉ) a bunaíodh sa bhliain 1996 a oibríonn le scoileanna agus le gnóthaí chun cláir oideachais ó thaithí, á stiúradh ag oibríthe deonacha, a chur ar fáil do mhic léinn atá idir 5-18 mbliana d'aois. Dirítear ar thacú le hinfhostaitheacht, fiontraíocht, litearthacht airgeadais agus scileanna ETIM chun an bhearna idir an saol oideachais agus an saol oibre a dhúnadh.

In 2025, d'eagraigh baill foirne Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, lena n-áirítear AGA, ceardlanna aeráide GS le haghaidh 98 dalta bunscoile.

Scoil Náisiúnta Mhuire Bhanríon na Síochána ar cuairt ar Ionad Ché na gCeannaithe - Bealtaine 2025



An tAthrú Aeráide: ceardlanna i scoileanna



"Bhain gach duine i mo rang taitneamh as clár GSÉ, 'Tusa agus an tAthrú Aeráide'. Tá ardmholadh tuillte ag **Darren (Barry)** as Comhairle Cathrach Luimnigh! Bhain Rang a Cúig an-taitneamh as na ceardlanna le Darren. Go raibh maith agat!"
Michelle O'Connell, Múinteoir,
Bunscoil Shailéiseach, Fernbank

"Bhí na ceardlanna le Darren (Barry) iontach ar fad. D'fhoghlaim na mic léinn an oiread sin faoi na bealaí ar féidir leo cabhrú lenár n-aeráid. Go raibh maith agat!"

Lisa Duggan, Múinteoir
Scoil Náisiúnta Corpus Christi, Maigh Rois



Spotsolas - An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide

Gníomhartha #G2 C1 C5 C6 C9 C13 N13 N14

Fianaise ba ea an chéad **Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide** a reáchtáladh i Luimneach (28 Aibreán - 3 Bealtaine) ar an ngealltanas atá tugtha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le ról ceannaireachta a ghlacadh i ndáil le tacú leis an ngníomhú ar son na haeráide go himmheánach agus go seachtrach. I rith na seachtaine, eagraíodh 17 n-imeacht ar fud na cathrach agus an chontae.

Bhí imeachtaí agus ceardlanna dírithe ar bhainistíocht dramhaíola, bia a fhás, bréagáin a mhalartú, leabhair a mhalartú, tionscnaimh gheilleagair chiorclaigh cosúil le múiríníú nó siopaí deisiúcháin, am a chaitheamh I gcoillearnacha áitiúla, gníomhaíochtaí ETIM, baisc-chócaireacht, caiféanna fuinnimh, taispeántais ealaíne agus taibhithe damhsa. Ba é Leabharlann na mBréagán, a reáchtáladh i halla na cathrach, an t-imeacht a mheall an líon is mó daoine. Bhí breis is 100 duine i láthair ar an lá, idir óg agus aosta, agus fonn orthu bréagáin a chur ar fáil/a mhalartú nó am a chaitheamh ag spraoi.



Spotsolas - Luimneach Ainmnithe mar Chathair Shláintiúil Eorpach EDS - ag tacú le daoine agus leis an bpláinéad

Gníomhartha #G12 C5 C6 C14

Ainmníodh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar bhall de Líonra Cathracha agus Contaetha Sláintiúla Eorpacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) – Céim VII. Tá Cathracha Sláintiúla deartha chun tacú le daoine agus leis an bpláinéad agus chun aitheantas a thabhairt don nasc atá idir sláinte an duine, ainmhithe agus an timpeallacht trí chur chuige Aon Sláinte Amháin.








Spotsolas - Láithreán an Tinteáin

Gníomh #G6 G8

D'éirigh leis an gComhairle breis is €6.5 milliún a fháil chun Uimhreacha 35-39 Sráid San Nioclás, Láithreán an Tinteáin, a athrú ó bhun agus Mol Dearaidh agus Nuálaíochta nua a fhorbairt mar chuid de Scéim AOTÁLB. Le fáil sa mhol beidh stiúideonna, spás taispeántais, caifé agus limistéir mhiondíola agus cruthófar ceann scríbe bríomhar i gcoilár Oileán an Rí.

Gné riachtanach d'fhorbairt an tionscadail ba ea gur ullmhaíodh Measúnú Aeráid-Díonach chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair aeráide an tionscadail trí chéile chomh fada is a bhain le tionchar carbóin, feidhmíocht fuinnimh agus athléimneacht i ndáil le tuitte, tonnta teasa agus adhaimsir. Soláthróidh an mhodheolaíocht seo teimpléad do mheastóireacht tionscadail den chineál céanna laistigh den Chomhairle.



An Pobal agus Comhpháirtíocht

Is gné rithabhachtach í rannpháirtíocht an phobail le haghaidh gníomhú ar son na haeráide chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na gnéithe is dúshlánaí dá gcuid linne ag gach leibhéal den rialachas áitiúil. Próiseas lárnach is ea an cineál rannpháirtíochta ar leith seo, a áireoidh daoine aonair, eagraíochtaí agus pobail ag obair le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní chomhroinnte a bhaineann leis an athrú aeráide agus a impleachtaí.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh tairbhe a bhaint as comhoibriú chun folláine pobail a fheabhsú

trí dheis a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht, fadhbréiteach agus tionscnaimh a bhaineann leis an aeráid.

Músclaíonn rannpháirtíocht feasacht, is deis atá inti chun eolas maidir le tuairimí a bhailiú agus comhoibriú ar straitéisí a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, athléimneacht chomh fada is a bhaineann le tionchair aeráide a fhorbairt agus aistriú go dtí sochaí inbhuanaithe. Sa tábla thíos leagtar amach cuid de na tionscadail aeráide éagsúla a cuireadh i gcrích i rith 2025.

An Pobal agus Comhpháirtíocht Gníomhartha #C1 C2 C5 C6 C8 C12 C13 C14		
Pobail Chreidimh 10 X Shéipéal Ceardlanna pailneora, comharthaíocht, tuarascáil maidir leis an dúlra		Cúinne an Ghiorrí 120 X iarratas Úinéirí talún, grúpaí pobail
57 X iarratas ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara		78 X iarratas ar an gComórtas Ar Thóir Óir
169 X iarratas ar Scoileanna Glasa Bratach Ghlas bronnta ar Pháirc Mhungairit		Cistin Pobail Shíomóin an Iarthair Láir cruthaithe
Clár um Chothromas Míostraithe 49 X láithreán Tacú le táirgí míostraithe inbhuanaithe		Comhdháil um Chomhtháthú Sláinte agus Folláine Bochtaineacht bia, cothromas míostraithe agus luas earraí glasa ar ardchaighdeán

Clár Gníomhaíochta Pobail ar son na hAeráide

Gníomhartha #C11 C12 C13 C14

Tacaíonn an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide le pobail ar fud Luimnigh chun díriú ar ghníomhú ar son na haeráide atá praiticiúil agus áitiúil, agus ailínithe le spriocanna aeráide contae agus náisiúnta, i gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC). Is é an aidhm atá leis an gclár tacú le pobail ísealcharbóin, inbhuanaithe trí thacú le gníomh ag leibhéal áitiúil.

In 2024, mar chuid de Chéim 1 den chlár

(Pobail Ísealcharbóin a Fhorbairt) cuireadh maoiniú luach €811,000 ar fáil, chun tacú le 19 dtionscadal pobail sheachbhrabúsacha ar fud Luimnigh. Cuireadh maoiniú 100% ar fáil do gach tionscadal agus déileáladh le príomhthéamaí aeráide cosúil le fuinneamh pobail, taisteal inbhuanaithe, bia agus dramhaíl, úsáid fhreagrach, athchúrsáil agus gníomh áitiúil ar mhaithe leis an timpeallacht. Ag cur leis an obair seo, tosaíodh ag glacadh le hiarratais ar mhaoiniú Chéim 2 (€811,000) i mí Dheireadh Fómhair 2025, chun tacú le gníomhú ar son na haeráide a bheith á dhéanamh ag an bpobal go leanúnach.



Spotsolas - Feirm Shóisialta Dhúin (Seirbhísí Tuaithe Bhealach Eabhra) Gníomhartha #C11 C12 C13 C14

Is feirm orgánach dheimhnithe, fiontar sóisialta agus carthanas cláraithe é Feirm Shóisialta Dhúin i gContae Luimnigh a chomhtháthaíonn táirgeadh bia inbhuanaithe, ionchuimsiú sóisialta agus gníomhú ar son na haeráide. Trína chlár feirmeoireachta shóisialta, lena n-áirítear an tionscnamh **Crainn Óga Shona**, cruthaíonn an fheirm deiseanna do dhaoine óga páirt a ghlacadh in obair phraiticiúil, gníomhaíochtaí "ón bhfeirm go dtí an forc" a chruthaíonn nasc idir táirgeadh bia orgánach agus oideachas maidir le hinbhuanaitheacht, bia sláintiúil a ithe agus maoirseacht chomhshaoil. Tugtar deis do rannpháirtithe bia a fhás, táirgí a bhailiú, béilí a ullmhú agus bia a roinnt, agus buntáistí soiléire a chruthú do shláinte, folláine agus feacht chomhshaoil.

Trí thacaíocht a fháil ó Chlár Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide na hÉireann, thacaigh an fheirm le tionscadal athchóirithe bogach in 2024-2025, lena n-áirítear linn bhogaigh nua a chruthú mar aon le siúlbealach bogaigh 400 méadar. Is scagairí nádúrtha truaileán iad speicis bhogaigh dhúchasacha cosúil le bogshifín, lus buí Bealtaine agus cúb, a fheabhsaíonn caighdeán an uisce atá ag sní isteach sa Mhaolchearn agus sa tSionainn. Tá an tionscadal seo ag cruthú buntáistí don aeráid, bithéagsúlacht agus do cháilíocht an uisce fad is atá sé ag tacú le speicis dhúchasacha cosúil leis an naoscach agus leis an bhfritileán réisc. Féach roimh agus i ndiaidh thíos (C-D).





Spotsolas – Club Peile Rugbaí Mhuire Gníomhartha #C11 C12 C13 C14

Rinne CPR Mhuire uasghrádú fuinnimh in-athnuaite le tacaíocht ón gClár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide, a bhí mar bhonn le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht an bhonneagair spóirt áitiúil a fheabhsú. San áireamh sa tionscadal seo bhí grianphainéil FV a shuiteáil, mar aon le hinbhéartóir nua-aimseartha agus áis stórála ceallraí i saoraidí an chlub. Tacaíonn an córas seo le fuinneamh glan a ghiniúint ar an láithreán, an méid a bhfuiltear ag brath ar chumhacht eangaí a laghdú, agus le costais oibriúcháin agus astaíochtaí carbóin níos ísle. Tacaíonn stóráil ceallraí le barrachas fuinnimh a úsáid nuair is gá, rud a mhéadaíonn éifeachtúlacht agus athléimneacht fuinnimh. Is fianaise é an tionscadal seo ar an tslí is féidir le heagraíochtaí pobail gníomhú ar son na haeráide a dhéanamh ar bhealach praiticiúil fad is atá inbhuanaitheacht fhadtearmach an bhonneagair á treisiú.

Spotsolas - Conair Bithéagsúlachta Sparr Thuamhan

Gníomhartha #C8 C11 C12 C13 C14

Tá dhá spás ghlasa i Luimneach, nach raibh in úsáid roimhe seo, athraithe ó bhun agus tá áiseanna pobail machnamhacha forbartha trí thionscadal a raibh Cumann Cónaitheoirí Sparr Thuamhan freagrach as, le tacaíocht ó mhaoiniú don ghníomhú ar son na haeráide. Bhí an tionscnamh seo dírithe ar Pháirc an Chanónaigh Uí Bhraoin agus ar an spás glas idir An Bóthar Trasna agus Bóthar an Choiréil, chun bithéagsúlacht áitiúil a fheabhsú agus spásanna fiúntacha do mhachnamh agus do chuimhneamh a chruthú. Trí úsáid a bhaint as maoiniú a chuir an Clár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil, cuireadh 60 crann dúchasach aibí agus 30 méadar d'fhálú Éireannach dúchasach, rud a threisigh bithéagsúlacht uirbeach agus nascacht ghnáthóige. Tá gach crann tiomnaithe do dhuine muinteartha atá caillte, agus tá plaiceanna in úsáid do chuimhneacháin aonair. Tionscadal bithéagsúlachta a bhí anseo ar dtús ach anois is cuimhneachán beo atá ann, a bhfuil nasc sóisialta á chruthú aige, atá ag tacú le folláine agus le maoirseacht pobail ar spásanna glasa áitiúla agus ag cur, ag an am céanna, le cuspóirí aeráide agus comhshaoil níos ginearálta.





Síolta Glasa

Gníomhartha #C8 C12 C13 C14

Maoiníodh Síolta Glasa mar chuid de Chiste Cruthaitheach um Ghníomhú ar Son na hAeráide II agus bhí sé á éascú ag AGA agus ag Oifig Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Ba é an cuspóir a bhí leis tairbhe a bhaint as cultúr agus cruthaitheacht mar bhealach chun feasacht aeráide a fhorbairt agus tacú le hathrú iompair ag leibhéal pobail. Páirteach sa thionscadal seo bhí seacht ngrúpa pobail agus comhpháirtithe cruthaitheacha a rinne scrúdú ar agus a thacaigh le dícharbónú ina bpobail trí mheáin chruthaitheacha éagsúla. I measc na dtionscadal bhí cláir oiliúna, síneadh a chur le saolré éadaí trí iad a dheisiú agus athearraíocht a bhaint astu, feasacht ar ghnáthóg an phortaigh mar linn charbóin a mhéadú, tacú le taisteal agus iompar inbhuanaithe i stáisiún traenach áitiúil.

Saotharlann Nuálaíochta Saoránach

Gníomh #C9

Arna maoiniú trí thionscadal Fís 2020 +CityxChange, tá spás á chur ar fáil i Saotharlann Nuálaíochta Saoránach Luimnigh chun triail a bhaint as rudaí nua, saothair a chomhchruthú agus díriú ar ghníomhú ar son na haeráide atá á stiúradh ag saoránaigh. Á forbairt ag Ollscoil Luimnigh i gcomhpháirt le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, tacaíonn an tSaotharlann le taighde comhoibríoch, uirlisí eolaíochta digiteacha agus saoránach, agus rannpháirtíocht phoiblí maidir le hinbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide. Creidiúnaithe ag Líonra Eorpach na Saotharlann Beo, glactar leis mar dhea-chleachtas idirnáisiúnta. I rith 2025, d'óstáil agus d'éascaigh an tSaotharlann beagnach 50 ceardlann, tionscadal agus gníomhaíocht rannpháirtíochta poiblí a bhain leis an aeráid, chun tacú le nuálaíocht, foghlaim, comhpháirtíocht agus rannpháirtíocht in aistriú ísealcharbóin Luimnigh.



Nuálaíocht Saoránach Gníomhaíochtaí Saotharlainne



- An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Féile Foghlaim ar Feadh an tSaoil Luimnigh
- Foireann Comhchathracha na Fionlainne
- Ceardlann Phlean Oiriúnaithe Earnála um Ghníomhú ar son na hAeráide I agus II
- Imeacht Thionscadal CLFU
- ISCycle 2
- Grúpa Fheachtas Rothaíochta Luimnigh
- Cumann Rothaíochta na hÉireann



- An Fhoireann Taistil Gníomhaigh
- An Chéad Chruinniú den Fhóram Iompair agus Soghluaisteachta
- Lása Luimnigh
- Ceardlann Fuála
- Caifé Deisiúcháin
- Síolta Glasa
- Cruinniú na nÓg
- Ceardlann an Phlean Spóirt Áitiúil



An Timpeallacht Nádúrtha

Tugtar aitheantas in PGAÚÁ don tábhacht a bhaineann leis an Timpeallacht Nádúrtha a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú de réir an chreata atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Contae. Tá gnáthóga agus bithéagsúlacht nádúrtha Luimnigh bunaithe ar ghréasán mór d'aibhneacha, tailte féaraigh agus coillearnacha seanbhunaithe. Ainneoin go bhfuil gréasán saibhir spásanna glasa uirbeacha bunaithe, tá féidearthacht ann luach agus caighdeán na limistéar seo a fheabhsú tuilleadh trí naisc láidre, ilfheidhmiúla a bhunú eatarthu, de réir phrionsabail **Straitéis Bhonneagair Ghlais** na hEorpa. Tarraingítear aird in PGAÚÁ ar an tábhacht a bhaineann le héiceachóras sláintiúil a chothabháil agus a fhorbairt, tairbhe a bhaint as bonneagar glas agus Réitigh Dhúlra bhunaithe mar aon le crainn agus fála.

Réitigh Nádúrbhunaithe

Gníomh #N6

Tarraingítear aird i dtaighde, arís agus arís eile, ar an luach a bhaineann leis an mbonneagar glas agus gorm– cosúil le páirceanna, glasbhealaí agus spásanna saor ó thrácht– chun sláinte phoiblí, oideachas, spraoi agus éiceachóras a fheabhsú. Tarraingítear aird in PGAÚÁ ar **Straitéis an Bhonneagair Ghoirm agus Ghlais** mar chreat chun bithéagsúlacht chomhtháite a sheachadadh, uisce dromchla a bhainistiú agus aeráid-díonacht a chur san áireamh i bhforbairtí.

In 2025, chuir an Chomhairle dlús leis an ngníomh seo trí chur chuige ísealcharbóin agus dúlra bhunaithe a leabú i ndearadh, cruthú agus cothabháil spásanna poiblí. I measc na mbeart bhí athúsáid a bhaint as ábhair ó pháirceanna atá forbartha cheana féin, Córais Draenála Inbhunaithe (CDInna) a chur san áireamh cosúil le gairdíní báistí agus claiseanna reatha, athchúrsáil crann leagtha chun suíocháin a chur ar fáil agus tírdhreachú a dhéanamh, agus ábhair iompórtáilte a laghdú. Baineadh tairbhe as nósanna gearrtha laghdaithe agus níos mó limistéar bláthanna fiáine bainistithe trí phróiseas athbheithnithe an iarratais phleanála. Rinneadh forbairt ar Réitigh Dhúlra bhunaithe (RDB) agus ar CDInna i roinnt príomhthionscadal, lena n-áirítear:

- Tionscadal Fosse a bhaineann le hoibreacha athghiniúna ag Oileán an Rí
- San áireamh i dtogra Champas Spóirt Thobar Phádraig tá tograí a bhaineann le stóráil uisce ar an láithreán agus bithéagsúlacht mhéadaithe
- Tá Dearadh CLFU do Chathair Luimnigh ag forbairt tograí chun limistéir dhromchla chrua a laghdú agus tús áite a thabhairt do ghairdíní báistí dín
- Soláthraíonn Lochanna na Todhchaí ag Loch Goir cur chuige comhtháite chun éiceachóras an locha a athchóiriú.
- Mar chuid de thionscadal LDADD CLFU forbrófar tograí chun teophointí bithéagsúlachta a fhorbairt áit a bhfuil dobharlaigh fuíolluisce.



Plean Bithéagsúlachta

Gníomhartha #N1 – N17

Glacadh le Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Luimnigh (PGBL) 2025–2030 i mí an Mhárta 2025, arb ionann é agus creat comhordaithe chun bithéagsúlacht a chaomhnú, a fheabhsú agus a athchóiriú ar fud chathair agus chontae Luimnigh. Sa Phlean díreann ar acmhainní na Comhairle agus ar ghníomh páirtithe leasmhara chun déileáil leis an ngéarchéim bithéagsúlachta i gcomhpháirt le pobail, grúpaí caomhantais agus daoine aonair.

I rith 2025, tacaíodh le seachadadh trí chlár rannpháirtíochta poiblí, monatóireachta agus gníomhaíochtaí oiliúna, lena n-áirítear Suirbhé Náisiúnta ar Chuil Bhealtaine, Éin Inbhir na Sionainne agus Clár Scéalta, Suirbhé Monatóireachta ar Ialtóga Coillearnaí, agus cúrsaí oiliúna maidir le fála sceach i nDiméin an Chaisleáin Nua agus An Chora. I rith Sheachtain Bithéagsúlachta Luimnigh rinneadh tuilleadh forbartha ar chuspóirí PGBL, agus cuireadh suirbhé bogach i gcrích, bunaíodh tionscadal píolótach

caomhnaithe innilte ag Anaclann Dúlra Ó Cuanach, agus aithníodh conairí tírdhreacha a d'fhéadfaí a fhorbairt don chrú-ialtóg bheag trí úsáid a bhaint as Circuitscape (Céim I).

Tionscnamh tábhachtach de PGBL ba ea an Chomhdháil maidir le Todhchaí Leamhan agus Féileacán in Éirinn, a thacaigh le heolaíocht saoránach agus acmhainn chaomhnaithe ghairmiúil. I measc na ngníomhartha bithéagsúlachta praiticiúla a cuireadh i gcrích in 2025 bhí 641 crann a chur, 4,500 buinneán dúchasach a dháileadh, CLFU GreenPlace a chur i gcrích agus CLFU BiodiverCity, rud a threisigh cosaint gnáthóg, feachtas phailneora agus nascacht éiceolaíoch.





Spotsolas - Crainn Darach Áitiúla a Bhaint agus a Fhás

Gníomhartha #N11 N12

Bhailigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dearcáin chun stoc a chruthú ó cheann de sheanchrainn Luimnigh a fuarthas in Eastát an Bhagóidigh. Tá na dearcáin péactha agus leanfaidh siad ar aghaidh ag fás i bplandlann na Comhairle. Nuair a bheidh siad réidh, cuirfear iad i bpáirceanna agus in eastáit áitiúla na Comhairle.



Monatóireacht aeir agus torainn: Léargas fíor-ama ar mhaithe le Luimneach níos sláintiúla

Gníomh #N16 E11

I bPlean Gníomhaíochta Torainn

2024-2028 leagtar amach an tslí is féidir torann comhshaoil a bhainistiú go réamhghníomhach sa chás go bhféadfadh tionchar díobhálach suntasach a bheith ag a leithéid ar shláinte agus ar chaighdeán na beatha. Tacaíonn an Chomhairle le haidhmeanna na Rialachán maidir le Torann Timpeallachta, trí Phleananna Gníomhaíochta Torainn a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

In 2025, sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Deais Mhonatóireachta Comhshaoil nua, a thugann rochtain fíor-ama don phobal ar shonraí maidir le cáilíocht an aeir agus torann ar fud na cathrach agus an chontae (cliceáil **ANSEO** agus **ANSEO**).

Spotsolas - Páirc an Phobail: Fuaimdhreach beo

Gníomhartha #N13 N16

Glactar le Páirc an Phobail mar Áit Chiúin is larrthóir mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Torainn Cheirtleán Luimnigh 2024-2028. Ainneoin go dtugann méadracht torainn thraidisiúnta le fios go bhfuil na leibhéil fuaime os cionn na ngnáthchritéar d'Áit Chiúin, tá scéal difriúil á insint ag carachtar an fhuaimdhreacha. Anseo níl tionchar ag trácht ar an timpeallacht, tá tionchar ag ceiliúr éan, dúlra agus gníomhaíocht dhaonna ísealtionchair ar an timpeallacht-fuaimeanna a thaitníonn le daoine go ginearálta, atá suaimhneach agus a théann chun tairbhe folláine daoine.

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta le GCC, cuireadh togra foirmiúil chun an pháirc a ainmniú mar Áit Chiúin faoi bhráid na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil i mí na Nollag.



An Timpeallacht agus An Geilleagar Ciorclach



Cuirtear san áireamh in PGAÚÁ go bhfuil sé riachtanach aistriú ó shamhail eacnamaíoch líneach (tóg-déan- úsáid-dramhaíl) go dtí geilleagar ciorclach a bhfuil sé mar aidhm leis deireadh a chur le dramhaíl agus athúsáid, deisiú agus athchúrsáil a mhéadú. Tá tacaíocht á cur ar fáil ag leibhéal náisiúnta don aistriú seo trí **Phlean Gníomhaíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach 2020- 2025, Plean Gníomhaíochta Bainistíochta Dramhaíola le hAghaidh Geilleagar Ciorclach 2024-2030**, agus comhairliúchán poiblí a rinneadh in 2025 maidir le **Straitéis Uile-Rialtais don Gheilleagar Ciorclach 2026-2028**.

Ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, cuireadh gníomhartha an gheilleagair chiorclaigh i bhfeidhm ag leibhéal oibriúcháin agus straitéiseacha in 2025. Ag leibhéal oibriúcháin, i measc na dtionscnamh a cuireadh i gcrích bhí deireadh a chur le cupáin aonúsáide, capsúil chaifé a athchúrsáil agus imeachtaí malartaithe éadaí, agus tugadh éadaí breise do charthanais áitiúla.

Ag leibhéal straitéiseacha, bhí fianaise ar ghníomhartha an gheilleagair chiorclaigh a raibh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach astu le tabhairt faoi deara i mbonneagar, spásanna poiblí agus cláir phobail. Bhí seachaint astaíochtaí leabaithe i Seachbhóthar Áth Dara trí mhaischothromú tarlaithe agus athúsáid áitiúil a bhaint as ábhair thochailte, cumascán iompórtáilte, tarlú agus diúscairt líonta talún a laghdú. Tá atharraíocht á baint as adhmaid leagtha ó oibreacha de chuid na Comhairle mar ghnéithe súgartha nádúrtha i bpáirceanna agus i spásanna glasa. Cuireadh tuilleadh feabhais ar fheasacht faoin ngeilleagar ciorclach trí chúrsaí oideachais. Ghlac 169 scoil páirt i gclár na Scoileanna Glasa (thart ar 86% de gach scoil i Luimneach) agus bronnadh Bratacha Glasa ar 38 scoil in 2025. Léiríodh go leor spéise i dtionscnaimh phobail. Fuarthas 78 iarratas ar Thóir ar Óir Luimnigh agus 57 iarratas ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara, rud a threisigh rannpháirtíocht áitiúil i gcleachtais inbhuanaithe agus chiorclacha.

Fill agus Fostaigh

Gníomhartha #G2 C1 E2 E7 E10

Is fianaise é an tionscnamh 'Fill agus Fostaigh' ar an tslí is féidir bearta geilleagair chiorclaigh a úsáid chun buntáistí comhshaoil agus sóisialta a chinntiú. Tacaíonn an scéim leis an ngeilleagar ciorclach trí dhramhaíl phlaisteach aonúsáide a laghdú agus deiseanna fostaíochta fiúntacha, le híocaíocht, a chruthú do dhaoine in earnáil na ndaoine faoi mhíchumas. Le tacaíocht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gcomhpháirt le FSS agus an Comharchumann Uirbeach, bailíonn rannpháirtithe an chlár buidéal agus cannaí don Scéim Éarlaise agus Aisioca ó fhoirgnimh de chuid na Comhairle ag Tuar an Daill agus Cé na gCeannaithe. Tugtar ábhair ar ais go dtí ais-mheaisíní díola, agus baintear úsáid as na héarlaisí chun pá a íoc, agus cinntítear go bhfaigheann rannpháirtithe an tuarastal íosta ar a laghad.

Gradam Ghlasbhealach Luimnigh

Gníomhartha #E4 E5

Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do Ghlasbhealach Luimnigh tráth ar bronnadh an Tríú Duais sa Chatagóir Bairr Feabhais ag 12^ú Gradam Glasbhealaí na hEorpa sa Spáinn. Tacaíonn an bealach 40km seo le taisteal ísealcharbóin, le **líonra EuroVelo 1**, agus tá breis is 680,000 úsáideoir meallta aige ó 2021. Tharraing na moltóirí aird ar athúsáid an bhonneagair iarnróid stairiúil, a laghdaigh astaíochtaí a bhaineann le tógáil agus gnéithe dearaidh ionchuimsitheacha cosúil le suiteálacha **U-Turn Audio** le hateangaireacht TCÉ, chun luach comhshaoil agus sóisialta an Ghlasbhealaigh a threisíú.



Spotsolas - Inbhuanaitheacht Fhéile na hAbhann

Gníomh #E8

Bhronn Gradaim an Tionscail Imeachtaí (GTI) gradam ar Fhéile na hAbhann Luimnigh, an fhéile mhór a reáchtáiltear i rith Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine, an Gradam don Imeacht is Fearr, a thugann aitheantas do bharr feabhais i ndáil le himeachtaí beo a eagrú agus ceannaireacht a léiriú i ndáil le hinbhuanaitheacht. Thacaigh an fhéile le feabhsuithe inbhuanaitheachta suntasacha, lena n-áirítear laghdú 88% ar astaíochtaí carbóin a bhain le breosla thar thréimhse dhá bhliain tráth a rabhthas ag athrú go dtí breosla POH, sceidil ghineadóra a bhí ceart ó thaobh méid agus cumhachta de, laghdú 14% ar an méid dramhaíola, agus laghdú 51% ar astaíochtaí CO₂ a bhaineann le dramhaíl.



Tosaíochtaí i gcomhair 2026

Lean Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le dlús a chur le cur chun feidhme Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil, agus bhí fianaise ar an obair le fáil i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh, soghluaisteacht inbhuanaithe agus rannpháirtíocht leis an bpobal. As an 98 gníomh atá le fáil sa Phlean, tá 7 gníomh curtha i gcrích agus táthar fós ag obair ar 71 gníomh, agus tá líon suntasach gníomhartha rangaithe mar ghníomhartha athfhillteacha, fianaise ar nádúr leanúnach agus ilbhliana chur chun feidhme an ghníomhaithe ar son na haeráide. Is fianaise é an leibhéal dul chun cinn seo go bhfuil an Plean á chur chun feidhme go gníomhach ach go bhfuil dúshlán fós le sárú chun comhtháthú leanúnach chuspóirí an ghníomhaithe ar son na haeráide a chinntiú i ngach réimse seirbhíse.

Dá réir sin, in 2026 díreofar ar leabú eagraíochta, maoirseacht seachadta agus monatóireacht feidhmíochta a threisiú. Leanfar ar aghaidh le dul chun cinn a rianú trí thuairisciú inmheánach agus rannpháirtíocht sheachtrach struchtúrtha, agus cinnteofar go mbeidh creataí tuairiscithe agus ceanglais reachtúla náisiúnta á n-ailíniú. Tá na tosaíochtaí atá leagtha amach thíos eagraithe de réir struchtúr téamach PGAÚÁ. Is tosaíochtaí corparáideacha ginearálta iad a éilíonn úinéireacht chomhroinnte ar fud stiúthóireachtaí éagsúla. Soláthraíonn an cur chuige seo dearbhú ar an tuiscint gur freagracht eagraíochta choiteann é an gníomhú ar son na haeráide agus go bhfuil ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh le dul chun cinn a dhéanamh maidir lena spriocanna maolaithe agus oiriúnaithe aeráide.





Monatóireacht agus Tuairisciú

- a. Leanúint ar aghaidh le monatóireacht agus tuairisciú ar chur chun feidhme PGAÚÁ
- b. Creidiúnú ISO5001 a choinneáil agus feidhmíocht iomlán na Comhairle a thuairisciú ar dheais M agus T ÚFIÉ



Taisteal agus Soghluaisteacht

- a. Forbairt a dhéanamh ar an úsáid atá á baint as POH in Iosta an Chaisleáin Nua
- b. Tús a chur leis an bpróiseas chun na chéad FLanna a cheannach don Chomhairle



Timpeallacht Thógtha agus Fuinneamh

- a. Dlús a chur le clár Pathfinder agus díriú ar an gcéim dhearaidh le haghaidh 3 fhoirgneamh chorpáraídeacha
- b. Leanúint ar aghaidh le Scéim Cosanta Tuilte Oileán an Rí a chur chun feidhme agus dlús a chur le gach scéim eile
- c. Staidéar Féidearthachta Téimh Cheantair a chur i gcrích don Cheantar Cathrach



Rialachas agus Ceannaireacht

- a. Feachtas na Seaimpíní Aeráide a rolladh amach ar fud na heagraíochta
- b. Bualadh le gach stiúrthóireacht chun a tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide a phlé faoi dhó sa bhliain ar a laghad
- c. Iarratais ar mhaoiniú a chur faoi bhráid an AE chun tacú le Gníomhú ar son na hAeráide i Luimneach
- d. Tuairisciú ar dhul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le PGAÚÁ a chur chun feidhme i rith na bliana agus aird a tharraingt ar dhea-chleachtas ar fud na comhairle



Pobal agus Comhpháirtíocht

- a. Maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme chéim 2 den Chlár Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide agus céim 1 a chur i gcrích
- b. An dara Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide a reáchtáil i Luimneach
- c. Clár grúpbhunaithe a fhorbairt chun tacú le pobail i Luimneach
- d. Leanúint ar aghaidh le pobail ar fud Luimnigh a aithint agus deis rannpháirtíochta a thabhairt dóibh i gcomhthéacs an Athraithe Aeráide agus tacú lena ngníomhartha nuair is féidir
- e. Oibriú lenár n-institiúidí tríú leibhéal chun tacú le taighde maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide i Luimneach



An Timpeallacht Nádúrtha

- a. Tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a chur chun feidhme
- b. Oibriú i gcomhpháirt le CUÚÁ agus le heagraíochtaí eile chun tionscadal piolótach BN a chur chun feidhme i Luimneach



An Timpeallacht agus An Geilleagar Ciorclach

- a. Leanúint ar aghaidh ag obair le poiblitheoirí imeachtaí cosúil le Féile na hAbhann agus Corn Ryder chun dramhaíl a laghdú agus úsáid cleachtas inbhuanaithe a chur chun cinn
- b. Tionscnaimh a fhorbairt chun ábhar plaisteach aonúsáide a laghdú in áitribh de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Aguisín 1 Gníomhartha PGAÚÁ

Taisteal agus Soghluaisteacht

Tagairt	Gníomh	Tomhas Rianúcháin	Luaidhe	Páirtithe	Tionchar	SFlanna	Stádas
Cuspóir 1: Aistriú Córa Iompair - An aistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe ar nós siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a thacú							
T1	Úsáid iompair phoiblí a mhéadú trí chur i bhfeidhm an chlár naisc bhus. Comhlíonadh tionscadail le critéir chosanta pleanála agus comhshaoil a chur chun cinn - trí smacht nó trí thionchar, de réir mar is cuí	Líon na mbealaí críochnaithe	Straitéis Taistil agus Iompair	ÚNI, Bus Éireann, BIÉ	Maolú	11	Ar siúl
T2	Straitéis pháirceála agus taistil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus aird chuí á tabhairt ar iogaireachtaí comhshaoil amhail an timpeallacht uisce glactha, bithéagsúlacht, láithreáin Eorpacha, cáilíocht aer áitiúil, coinníollacha tráchtá agus iompair agus oidhreacht chultúrtha.	Líon Láithreacha Páirceála agus Taistil curtha i bhfeidhm	Straitéis Taistil agus Iompair	ÚNI, Bus Éireann, BIÉ	Maolú	11	Ar siúl
